

## POBLACHT NA FRAINCE

An Aireacht Sláinte agus Rochtain ar  
Chúram Sláinte

### Foraithne Uimhir ... de...

#### maidir le toirmeasc ar tháirgí lena n-úsáid de bhéal ina bhfuil nicitín

NOR: MSAP2430826D

**Lucht féachana lena mbaineann:** monaróirí, allmhaireoirí, dáileoirí agus miondíoltóirí táirgí ina bhfuil nicitín, úsáideoirí.

**Ábhar:** cur chun feidhme an toirmisc ar tháirgí lena n-úsáid de bhéal ina bhfuil nicitín, cé is moite de tháirgí íocshláinte agus feistí leighis.

**Teacht i bhfeidhm:** tiocfaidh an téacs i bhfeidhm 3 mhí tar eis a fhoilsithe.

**Fógra:** Mar gheall ar a chontúirt do shláinte an duine, aicmítear nicitín faoi Airteagal L. 5132-1 den Chód Sláinte Poiblí mar shubstaint nimhiúil agus ní fhéadfar é a úsáid nó a mhargú ach amháin faoi choinníollacha áirithe, cosúil le táirgí atá rialaithe cheana féin (táirgí tobac, táirgí vápála agus táirgí sláinte). Údaraítear le hAirteagal L. 5132-8 den Chód céanna toirmeasc a chur ar aon oibríocht a bhaineann le substaintí nimhiúla le foraithne ón gComhairle Stáit. Sainmhínítear san Fhoraithe seo táirgí lena n-úsáid de bhéal ina bhfuil nicitín, go háirithe i bhfoirm saicíní sciartha nó saicíní scagacha, taos, coirníní, leachtanna, guma coganta, losainní, stiallachanó aon teaghlaim de na foirmeacha sin, atá faoi réir an toirmisc, agus sonraítear na coinníollacha faoina bhfuil toirmeasc ar tháirgí den sórt sin. Déantar foráil ann freisin maidir le maoluithe ar an toirmeasc sin. Déanfaidh oifigigh atá ag obair in iomaíocht, i ngnóthaí tomhaltóirí agus i gcosc calaoise, oifigigh chustaim, agus oifigigh de chuid na hArd-Stiúrthóireachta Airgeadais Phoiblí sárúithe ar an toirmeasc sin a imscrúdú agus a fhionnadh, ar bhonn Airteagal L. 5414-3 den Chód Sláinte Poiblí. Is iad na smachtbhannaí is infheidhme i gcás nach gcomhlíontar an toirmeasc sin na smachtbhannaí dá bhforáiltear i gCaibidil II de Theideal III de Leabhar IV de Chuid a Cúig den Chód céanna.

**Tagairtí:** is féidir an Fhoraithe a fháil ar shuíomh gréasáin Légifrance (<https://www.legifrance.gouv.fr>).

An Príomh-Aire,

Tuarascáil an Aire Sláinte agus Rochtana ar Chúram Sláinte;

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005, maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle;

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002, lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia;

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise;

Ag féachaint don Chód Sláinte Poiblí, go háirithe Airteagal L. 5132-1, Airteagal L. 5132-7 agus Airteagal L. 5132-8 de;

Ag féachaint d'fhógra Uimh. XXXX/XXX/FR de XX XX XX chuig an gCoimisiún Eorpach,

Tar éis éisteacht a thabhairt don Chomhairle Stáit (roinn shóisialta),

Foraitheanta leis seo:

Airteagal 1

Forlíontar Roinn II de Chaibidil II de Theideal III de Leabhar I de Chuid a Cúig den Chód Sláinte Poiblí leis an bhforoinn seo a leanas:

*‘Foroinn 6*

*‘ Táirgí ina bhfuil substaintí tocsaineacha*

‘ *Airt. R. 5132-96-1.* – I. – Toirmiscfear táirgí a tháirgeadh, a mhonarú, a iompar, a allmhairiú, a onnmhairiú, a shealbhú, a thairiscint, a aistriú, a cheannach, a dháileadh agus a úsáid lena n-úsáid ó bhéal ina bhfuil nicitín ar an gcríoch náisiúnta.

‘ II. — Is táirgí monaraithe iad táirgí lena n-úsáid ó bhéal ina bhfuil nicitín atá comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de nicitín sintéiseach nó nádúrtha, pacáistithe lena ndíol, beag beann ar a gcur i láthair, agus atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine trí ionghabháil nó trí ionsú.

‘ III. – Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

1° Tobac coganta dá dtagraítear in Airteagal L 3512-13

2° Táirgí íocshláinte de réir bhrí Airteagal L. 5111-1 agus Airteagal L. 5121-1-1, feistí leighis de réir bhrí Airteagal L. 5211-1 agus Airteagal L. 5221-1, agus amhábhair le haghaidh úsáid chógaisíochta mar a shainmhínítear in Airteagal L. 5138-2;

3° Bia-ábhair de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina bhfuil nicitín go nádúrtha nó a chomhlíonann Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle.

‘ Airt. R. 5132-96-2. – Féadfar, le hordú ón Aire atá freagrach as Sláinte, maoluithe ón toirmeasc atá leagtha síos in Airteagal R. 5132-96-1 a dheonú chun críocha taighde.

‘ Sonrófar téarmaí agus coinníollacha na maoluithe sin le hordú ón Aire atá freagrach as Sláinte agus ón Aire atá freagrach as Taighde.’

## **Airteagal 2**

Cuirtear an teideal seo a leanas in ionad theideal Fhoroinn 2:

*‘ Foroinn 2*

*‘Substaintí agus ullmhóidí seachas iad siúd a luaitear i Roinn I agus i bhForoinn 3, Foroinn 4, Foroinn 5 agus Foroinn 6’*

## **Airteagal 3**

Cuirtear na forálacha seo a leanas in ionad Chaibidil I de Theideal II de Leabhar V de Chuid a Cúig den Chód Sláinte Poiblí:

‘ *Airteagal R. 5521-3* . – Beidh feidhm ag Airteagal R. 5132-96-1 agus ag Airteagal R. 5132-96-2 maidir le hOileáin Wallis agus Futuna ina bhfoclaíocht a eascraíonn as Foraithe Uimh. de.’

## **Airteagal 4**

Tiocfaidh an Fhoraithe seo i bhfeidhm sé mhí tar éis a foilsithe.

## **Airteagal 5**

Beidh an tAire Sláinte agus Rochtain ar Chúram Sláinte, an tAire Ardoideachais agus Taighde agus an tAire a ghabhann leis an bPríomh-Aire, atá freagrach as Críocha Thar Lear, freagrach, a mhéid a bhaineann siad le gach ceann acu, as an bhForaithe seo a chur chun feidhme, agus foilseofar í in *Iris Oifigiúil* Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh:

Ag an bPríomh-Aire:

An tAire Sláinte agus Rochtana ar Chúram Sláinte

An tAire a ghabhann leis an bPríomh-  
Aire, atá freagrach as Críocha Thar Lear

An tAire Ardoideachais  
agus Scileanna